

## *Lúireach Phádraig*

*Críost liom,*

*Críost romham,*

*Críost ar mo chúl.*

*Críost ionam,*

*Críost fúm,*

*Críost os mo chionn.*

*Críost ar mo dheis,*

*Críost ar mo chlé.*

*Críost im' luí,*

*Críost im' shuí,*

*Críost im' éirí dom.*

*Críost i gcroí gach duine a smaoiníonn orm,*

*Críost i mbéal gach duine a labraíonn liom,*

*Críost i súil gach duine a fhéachann orm,*

*Críost i gcluais gach duine a chloiseann mé.*

